# Leath a Fhiosrú

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – codáin<br>Cruth agus Spás – siméadracht<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, Na hEalaíona* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• réimse cur chuige a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta simplí a aithint agus tuartha a dhéanamh |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | cearnóg, dronuilleog, fill, cuid, leath, mar an gcéanna, méid |
| **Áiseanna** | bileoga de theimpléad cearnaithe, criáin, pinn luaidhe daite |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

Pléann an ghníomhaíocht seo leis an mhíthuiscint nach ionann dhá leath, mar shampla, tá do leathsa níos mó ná mo leathsa. Forbraíonn sé neamhathraitheacht achair an dalta nach n-athraíonn codán a mhéid beag beann ar an dóigh a bhfuil sé léirithe.

### 1 Gníomhaíocht 1

Fill leathanach glan go díreach ina dhá leath go ceartingearach. Dathaigh gach leath ar dhóigh dhifriúil. Cuir ceist ar na daltaí faoin leath ba mhaith leo. Fiosraigh an fáth ar roghnaigh siad a leath. Cuir in iúl dóibh go bhfuil an dá thaobh ar cóimhéid. Ceistigh na daltaí faoin dóigh ar féidir leo é seo a fháil amach. Mar shampla, cuid amháin a ghearradh agus é a chur ar bharr na coda eile. Tabhair isteach an téarma 'leath' agus a nodaireacht ½. Mínigh an fáth a bhfuil an codán scríofa ar an dóigh seo: an t-iomlán roinnte ina 2 leath. Anois, fill píosa páipéir ina dhá leath go cothrománach agus dathaigh gach leath ar dhóigh dhifriúil.

### 2 Gníomhaíocht 2

I mbeirteanna, filleann daltaí an páipéar cearnógach ina dhá leath, tugann an múinteoir treoir dóibh é a fhilleadh go ceartingearach nó go cothrománach. Cuireann siad dá thaobh an leathanaigh i gcomparáid le chéile agus caithfidh siad a chruthú go bhfuil siad ar cóimhéid. Iarr orthu cur síos a dhéanamh ar an dóigh ar chruthaigh siad é seo.

### 3 Gníomhaíocht 3

Cuir leathanach cearnógach ar fáil agus iarr ar na daltaí na dóigheanna difriúla ar féidir é a fhilleadh ina dhá leath a fhiosrú (mar shampla, go ceartingearach, go cothrománach agus go trasnánach).
Iarr orthu an dá chuid a chur i gcomparáid le chéile agus a chruthú go bhfuil siad ar cóimhéid.

### 4 Gníomhaíocht 4

I mbeirteanna, tugtar bloic 'Multilink' do dhaltaí, bloic atá le roinnt eatarthu go cothrom, mar shampla 8 mbloc, 10 mbloc, 5 bhloc. Pléigh uimhreacha is féidir a roinnt go cothrom agus uimhreacha nach féidir. Tabhair earraí do gach beirt is féidir a roinnt ina dhá leath, mar shampla barraí seacláide. Pléigh cad é mar is féidir iad seo a roinnt go cothrom. Amharc ar na daltaí agus iad ag cur an taisc i gcrích, déan nóta dá gcuid comhráite. Athraigh na méideanna le ligean do na daltaí a oibriú amach cad é mar is féidir leo na méideanna tugtha a roinnt.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad cuid atá agam anois?<br>• Cé acu cuid an chuid níos mó/níos lú?<br>• Cad é a thugtar ar na codanna seo? | • Cad é mar is féidir leat a chruthú go bhfuil na codanna seo mar chuid de chruthanna atá ar cóimhéid?<br>• Cad iad na dóigheanna éagsúla ar féidir leat an cruth seo a fhilleadh ina dhá leath? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

4